

NA NAOI ROINN

An té a mbeadh aige na Naoi Roinn
B'aoibhinn dó go cruinn
Ba saoghlach é is ba sean
Agus bheadh neamh aige dhá chionn
Aghaidh a dhuine
Cuimhnigh ar do chríochaí
Ná codail i bhfiacha
Ná i bhfeirg
Is fuar a' t-éadach a rachas leat
Agus go sínfear do chris
Leis an gcré dheirg
Is minic a ghním iomrádh
Ar mo chomharsa
Agus ar m'fhear cumainn
Cé gur mór is mór an ní é

[Nuair a fhágas tú an saoghal seo rachaidh tú go gleann na ndeor. Lá an bhreitheamhnais beimid ar fad a' caoineadh. Sin é fhágas gur Gleann na nDeor a tugtar air.]

Atá le freagairt agam
Is mór gluaiseacht as gleann na deor
Agus is mairg a théanns ann ar anshógh
Ní gnáthach le aineolaidhe
A thigheacht i gcoinne ár n-anam anall
Agus is saoraide a bhíonnns ár seachrán
Is mian liom a dhul anonn
Agus is baoghal liom a lán romham
Is beag mo bharr abhus
Agus is truagh ina chall a threabhas
Is tú m'athair, is tú m'oide
Is tú an Rí Glóire
A rugadh i gCathair Bheithille.
Nuair nach fiú mé tú do ghlacadh
Slánuigh mé go t'fheicint
Leig anuas na deora troma
Leis an gcolainn ná déan tnúth
Ar maidin ná bí i do bhalbhán
Agus is gearr gur marbhán thú
Sí an dréimre bairr í

Sí an phaidir, sí an uirníge
Chiallmhar chráifeach í
Agus an droichead do Shíol Éabha í
Sin teagasg a thug Mac Dé
Dá Eaglais féin
Ar an bhfoghmhar tais
Teirigh 'un Aifrinn gan do bhróga
Agus ná déan bród ar bith as do bhrat
Buail bealach na dTrí Ród
Agus beannaigh faoi dhó don bhocht
Gach a bhfaca tú ariamh d'airgead agus d'ór
Ní chloisfidh tú choidhchin na ceolta crois
Ní fheicfidh tú Flaithis Mhic Dé
Gan leaba agus déirce na mbocht
Bí go mín leis na boicht
Agus gur ins an gcré a théann an corp
Is mór an díol déirce an bocht
Agus go ndeachaidh Mac Dé in do riocht
Tiocfaidh lá Shlé Síon na Sluagh
Is duibhe ná an gual de ghréin
Mara gcaoine tú do chriú agus tú féin
Caoin bás na sleagh má fhéadair
Agus na gáirí cumha
Míle fearr le rádh ná béal ar siubhal
Ifreann fuar fliuch
Baile é a gan cill gan crois
Ach ní rachaidh mé ann
Ar each ná ar chois
Ach is minic a leagadh marcach maith
Agus go n-eireochadh leis
Agus go n-eireochadh leis
Ghul ar dhruim breith aríst
Anois ó tharla muid ag deireadh na slighe.
Tar a Chríost a shaor sinn
A Rí na n-aingeal
Agus Ardrí na Glóire
Is ort a iarrfamuid ár n-achthuinghe
Ó is agat atá ár bhfuasgailt
Sinn a chur de na peacaidh
Agus sinn a thabhairt ar an eolas
Agus tabhair duinn an aithríghe
Nó go silimid na deora
Sin seacht bpaidreacha

Chuig Muire fá na Mac
Chuir Brighid faoi n-a brat
Chuir Mícheál faoi n-a sgéith
Chuir Dia dílis faoi n-a neart
Dhár seachaint ar gach uile mhíle olc
Ar shluaighe sidhe
Ar bhás spídighte
Ar náire shaoghalta
Ámén

De Chlainn Uí Choncheannainn an bhean seo, Brighid Ní Choncheannainn. Rugadh í i gCluain Mhac Cárín i mBaile Cláir - míle siar uaidh. Bhí ochtar dreathár ag á n-a hathair. Chuaidh cuid go Calafórní. Phós sí fear de Chlainn Uí Mhaoilruadháin. Tá sí os 70 mbliain. Ina comhnaide in Eadar Gabháil.

Ní dhearna cabla a thabhairt trí chró snáthaide

Ná craosánach saibhir sanntach

A thabhairt go go Flaithis Dé go bráthach

I ngeall ar antoil agus cumhainge croidhe.